# Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

## Aibreán/Bealtaine 2018




**Réamhrá**
Tá Baile Átha Cliath roghnaithe ag an bPápa Proinsias le bheith mar chathair óstach Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018. Ón 21–26 Lúnasa 2018, beidh idir teaghlaigh agus eile ó gach cearn na cruinne ag cruinniú lena chéile le ceiliúradh a dhéanamh ar an saol a chaitheann siad, le taithí a roinnt, le machnamh a dhéanamh ar na dúshláin atá rompu agus iad ag fás sa chreideamh.

Tugtar deis do na teaghlaigh scoileanna, ceiliúradh a dhéanamh ar na tuismitheoirí a bheith mar phríomh-oideachasóirí na bpáistí, agus ar an ról riachtanach atá ag na scoileanna Caitliceacha féin, maidir le gach tacaíocht a chur ar fáil dóibh san obair sin.

I gcomhar le Cruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018, tá clár caiticeasmach aon bhliana curtha le chéile ag coiste stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha atá in oiriúint do na bunscoileanna agus do na hiar-bhunscoileanna Caitliceacha. Is é téama an chláir ná: **Scoileanna Caitliceacha: Iarraidh ar Chomhluadar na dTeaghlach**. Tugtar cuireadh do na scoileanna Caitliceacha machnamh a dhéanamh ar an ngaol láidir atá ann idir an baile, na scoileanna agus an paróiste, agus an gaol sin a cheiliúradh. Tá ceithre thráth le téamaí éagsúla i gceist san obair chaiticeasmach seo.

**Tráth 4: Teaghlaigh na Lúcháire** Táthar ag breathnú ar aghaidh chuig Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mBaile Átha Cliath, Lúnasa 2018, agus ag díriú ar an téama a bhaineann leis, Soiscéal an Teaghlaigh: Lúcháir don Domhan, agus ar conas is féidir teacht i dtír ar an ócáid stairiúil seo.

**Sa Pharóiste**
Is féidir an obair seo a shuiteáil taobh istigh de chlár caiticeasmach Chruinniú Domhanda na dTeaghlach agus den chlár Amoris: Let's Talk Family! Let's Be Family! Tuilleadh eolais ag: www.amoris.ie

# Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile agus Bunscoile Caitliceach in Éirinn

## Leibhéal 1

### An Creideamh Críostaí

**Mistéir na hEaglaise**

- Tá Dia i láthair i ngach teaghlach agus baile (GDC 133)
- An Eaglais Chaitliceach mar chlann Dé (CCC 747, 759, 777–8, 959, 1655, 2233)
- Saol na hEaglaise: an roinnt, an aire, guí lena chéile (CCC 2179; CSRE 2a)
- Cruinníonn pobal Dé lena chéile san eaglais le guí a dhéanamh
- Cabhraíonn an teaghlach linn cairdeas a dhéanamh le hÍosa

### An Mhoráltacht Chríostaí

**An Dínit Dhaonna**

- Cabhraíonn Íosa linn an ceart a dhéanamh
- Is féidir liom roinnt, aire agus grá a thabhairt dom féin agus don duine eile (CCC 224)

## Leibhéal 2

### An Creideamh Críostaí

**Mistéir na hEaglaise**

- An Eaglais: Pobal a chruinníonn lena chéile le héisteacht le Briathar Dé, agus an saol sacraimintiúil á chaitheamh acu (CCC 749–52)
- Tá áit do chách i gclann Dé, beag beann ar aois, ar chine, ar chultúr, ar ábaltacht (CCC 775)
- An Eaglais: An pobal a chraobhscaoileann Soiscéal Íosa Críost (misean)
- Ní mhairimid mar dhaoine aonair, ach mar phobal an chreidimh
- An Pápa mar cheann aitheanta na hEaglaise ar domhan (CCC 880–2; 936–7)

### An Mhoráltacht Chríostaí

**OCG i gComhthéacs Críostaí**

- Is bronntanas ó Dhia é mo theaghlach
- Bíonn grá Dé le sonrú nuair a thugann na tuismitheoirí/caomhnóirí grá dúinne agus dá chéile

## Leibhéal 3

### An Creideamh Críostaí

**Mistéir na hEaglaise/Ríocht**

- An Eaglais: Pobal Dé aontaithe i gCríost, pobal a roinneann a shaol agus a ghrá (CCC 804; 781–6)
- An Eaglais: Comhdháil liotúirgeach, pobal an chreidimh (CCC 752)
- Léiríonn an Eaglais toil Dé agus grá Dé do chách (CCC 780: Sacraimint an tslánaithe; GS 3: Eaglais mar fhreastalaí)
- Is í an Eaglais a leanann le misean Íosa, a chraobhscaoileann an Soiscéal ar domhan (LG 8, LG 17; AG 1; CCC 3, 849: misean; Marcas 16:15).
- Is é an Pápa comharba Pheadair, ionadaí Íosa agus ceannaire na hEaglaise ar domhan (LG 18; CCC 880–2, 936–7)
- Tá Ríocht Dé á thógáil ag an teaghlach/an scoil Chaitliceach nuair a ghlactar páirt i saol agus i misean na hEaglaise
- (GS 48; FC 49, 17–18)
- Tá a ról féin san Eaglais ag gach aon duine (baile & áitiúil) (LG 12)
- Iarrtar ar an uile Chríostaí an Soiscéal a fhógairt (LG 17: gairm)
- Bíonn tacaíocht an teaghlaigh uainn le bheith mar chara cheart Chríost

•••

## Leibhéal 4

## An Creideamh Críostaí

### Mistéir na hEaglaise/Ríocht

- Is í an Eaglais Corp Chríost. Is é Críost ceann an Choirp, roinneann gach ball a Spiorad (LG 7; CCC 787–95: An Eaglais mar mhistéir is mar shacraimint)
- Iarrtar ar an Eaglais, grá comhbhá agus maithiúnas Chríost a léiriú do chách (GS 21; CCC 780, 831: An Eaglais mar shacraimint an tslánaithe; RM 20: An Eaglais mar fhreastalaí na Ríochta; GS 3)
- Tá an Pápa agus easpaig na hEaglaise mar chomharbaí na n-aspal. Bronnann Críost an chumhacht orthu gníomhú ar a shon (DV 7–8, CD 2; LG 18; CCC 861–2, 935)
- Bhronn Íosa ceannaireacht na hEaglaise ar an bPápa/Easpag: comharbaí na n-aspal (LG 8; CCC 77, 551–3, 765)
- Leanann na heaspaig le misean na n-aspal maidir le haire a thabhairt do na hEaglaisí (CCC 857, 1594). An Eaglais Chaitliceach in Éirinn (m.sh. Institiúidí agus grúpaí eile in Éirinn – scoileanna, ospidéil, Trócaire, Cumann na bPáistí Misinéireachta)

# Ceacht Sóisearach
## Naíonáin Shóisearacha–Rang 2 (P1–P4)

**Nótaí an Oide**

**Tráth 4: Teaghlaigh na Lúcháire** Dírítear orainn anseo mar lucht leanúna Chríost, iarrtar orainn a bheith mar theaghlaigh agus mar ambasadóirí na lúcháire. Iarrtar orainn an lúcháir a scaipeadh ar fud an tsaoil.

Is féidir an lúcháir a roinnt trí shoiscéal Íosa a fhógairt, agus an grá atá aige dúinne agus don uile theaghlach a mhíniú. Ní leor a bheith lán den lúcháir agus é a choimeád chugainn féin amháin. Chruthaigh Dia muid mar phobal. Ar scáth a chéile a mhairimid. Beidh deis ar leith againn lúcháir an teaghlaigh a roinnt agus a cheiliúradh nuair a tharlaíonn Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mBaile Átha Cliath, Lúnasa 2018. Beidh teacht le chéile ann do na teaghlaigh dhomhanda leis an saol teaghlaigh a cheiliúradh, le taithí a roinnt, le machnamh a dhéanamh ar na dúshláin atá romhainn agus muid ag fás sa chreideamh.

Tá breis eolais ag: www.worldmeeting2018.ie/en

**Smaoinigh**

Déan scrúdú ar bhrí na lúcháire. Cuir tús leis an gceacht tríd an scéal 'An Bonn Caillte' a léamh don rang.

**An Bonn Caillte**

Bhí deich mbonn airgid ag an mbean áirithe seo. Is dóiche gur bean bhocht a bhí inti, agus bhí an t-airgead sin thar a bheith tábhachtach luachmhar di. Lá amháin, bhain an bhean an t-airgead ón áit ina raibh sé i dtaisce aici. Ba mhaith léi breathnú ar na boinn agus taitneamh a bhaint as an radharc, sula gcuirfeadh sí ar ais iad. D'ardaigh sí ceann i ndiaidh a chéile iad. Scrúdaigh sí an ceann agus an chláirseach. Nach iad a bhí álainn, geal, snasta! Bhain sí an-taitneamh as a bheith ag amharc ar na boinn airgid, bhí an t-ádh dearg uirthi iad a bheith aici! Ba leasc léi iad a chur ar ais san áit fholaigh a bhain leo, ach bhí obair an tí le déanamh.

Rinne sí iad a chomhaireamh don uair dheireanach nuair a bhíodar á gcur i dtaisce aici: Sé ... Seacht ... Ocht ... Naoi ... Ó a Dhiabhail! Ní raibh ach naoi gcinn ann! Ag ceapadh nach raibh an t-áireamh i gceart aici, thosaigh sí an comhaireamh athuair: Sé ... Seacht ... Ocht ... Naoi ...

Ó a Thiarcais! Ní raibh ach naoi gcinn ann, agus ba cheart go mbeadh deich gcinn aici! Anois cad a dhéanfadh sí? Chuaigh sí le báiní ag cuardach ar fud an tí. Scrúdaigh sí an t-urlár faoin mbord, ach ní raibh aon bhonn le feiceáil. Rinne sí púitseáil ina pócaí ar eagla gur thit sé ón mbord isteach in aon cheann acu, ach níor aimsigh sí an bonn. Rinne sí an teach a scuabadh ó bhun go barr, ach saothar in aisce a bhí ann.

Ag an deireadh, las sí coinneal le breis solais a thabhairt di. Chuaigh sí ar a glúine agus léirchuardach á dhéanamh aici ar urlár an tí bhig. Chaith an choinneal solas lag uaithi. Ba bheag nach raibh sí ag dul in éadóchas nuair a thug sí splanc bheag solais faoi deara, in aice le cos an bhoird. Rith sí chun na háite agus chuir an choinneal ag lonrú go híseal ionas go bhfeicfeadh sí cad a bhí ann. Bhí an bonn geal airgead ag glioscarnach os a comhair! Bhí an oiread sin lúcháir ar an mbean gur shocraigh sí ar chóisir a reáchtáil. Ghlaoigh sí a cairde agus mná a comharsan le chéile, ag rá: 'Déanaigí comhghairdeas liom, óir, an bonn a bhí caillte agam, fuair mé é.' Bhí ríméad ar a muintir féin chomh maith, agus ar phobal na háite gur aimsíodh an bonn a bhí caillte. Bhí cóisir bhreá fhada lúcháireach acu.



**Ceisteanna le plé:**

- Cé mhéad bonn a bhí ag an mbean?
- Cé mhéad bonn a cailleadh?
- Conas a mhothaigh an bhean nuair a d'aimsigh sí an bonn caillte?
- An raibh lúcháir ortsa riamh?

**Scrúdaigh**

Sa scéal 'An Bonn Caillte', líonadh an bhean leis an lúcháir nuair a d'aimsigh sí an bonn caillte. Rinne sí é a cheiliúradh lena cairde agus lena muintir.

Is féidir an grá agus an lúcháir a roinnt i measc an teaghlaigh. Nuair a bhíonn an grá agus an lúcháir á roinnt ag na daltaí:

- Nuair a itheann siad dinnéar lena chéile
- Má bhíonn cluichí á n-imirt lena chéile acu
- Ag dul ar thuras nó ar saoire lena chéile
- Ócáidí ar leith: An Nollaig, Lá Breithe

Beidh deis ar leith againn lúcháir an teaghlaigh a roinnt agus a cheiliúradh nuair a tharlaíonn Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mBaile Átha Cliath.

Beidh teacht le chéile ann do na teaghlaigh dhomhanda leis an saol teaghlaigh a cheiliúradh, le bualadh lena chéile, amhráin a chanadh, cluichí a imirt, spraoi a bheith acu agus grá Dé á ceiliúradh acu

BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

**Gníomhaíocht**

- Cuir dath ar phictiúr na mná ón scéal 'An Bonn Caillte' ar Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear agus déan cur síos ar an lúcháir a bhí uirthi nuair d'aimsigh sí an bonn airgid.
- Bain úsáid as Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear le cuireadh chuig Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mí Lúnasa 2018 a chruthú. Má tá breis eolais uait le cur leis an gcuireadh téigh chuig: www.worldmeeting2018.ie

# Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

## Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear



Bhí lúcháir ar an mbean nuair d'aimsigh sí an bonn caillte. Roinn sí an lúcháir lena cairde agus lena muintir féin!

# Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

## Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear

CUIREADH

BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

A Theaghlaigh Ionúin,

_____

_____

_____

_____


_____

_____

_____

Ó,

_____



# Ceacht Sinsearach

## (Rang 3 – Rang 6) (P5–P7)

**Nótaí an Oide**

**Tráth 4: Teaghlaigh na Lúcháire** Dírítear orainn anseo mar lucht leanúna Chríost, iarrtar orainn a bheith mar theaghlaigh agus mar ambasadóirí na lúcháire. Iarrtar orainn an lúcháir a scaipeadh ar fud an tsaoil.

Is féidir an lúcháir a roinnt trí shoiscéal Íosa a fhógairt, agus an grá atá aige dúinne agus don uile theaghlach a mhíniú. Ní leor a bheith lán den lúcháir agus é a choimeád dúinn féin amháin. Chruthaigh Dia muid mar phobal. Ar scáth a chéile a mhairimid. Beidh deis ar leith againn lúcháir an teaghlaigh a roinnt agus a cheiliúradh nuair a tharlaíonn Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mBaile Átha Cliath, Lúnasa 2018. Beidh teacht le chéile ann do na teaghlaigh dhomhanda leis an saol teaghlaigh a cheiliúradh, le taithí a roinnt, le machnamh a dhéanamh ar na dúshláin atá romhainn agus muid ag fás sa chreideamh.
Tá breis eolais ag: www.worldmeeting2018.ie/en

**Smaoinigh**

Mínigh do na daltaí gur roghnaigh An Pápa Proinsias an tír seo le bheith mar thír óstach Chruinniú Domhanda na dTeaghlach ón 21–26 Lúnasa 2018. Tarlaíonn an Cruinniú Domhanda seo gach tríú bliain. Cruinníonn teaghlaigh ó gach cearn na cruinne le ceiliúradh lena chéile, le guí a dhéanamh, le machnamh a dhéanamh ar thábhacht na dteaghlach sa saol domhanda agus i saol na hEaglaise chomh maith.

Féach ar shuíomh Chruinniú Domhanda na dTeaghlach ar an gclár bán agus iarr ar na daltaí tuilleadh eolais a lorg agus a bhreacadh síos.

Breathnaigh ar an bhfíseán 'Cruinniú Domhanda na dTeaghlach': www.worldmeeting2018.ie/en/About/About-WMOF2018

**Scrúdaigh**

Déan lógó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach a scrúdú leis na daltaí. Mínigh do na daltaí go mbaineann tábhacht le lógó maidir le himeachtaí nó brandaí a fhógairt agus a aithint. Is léiriú pictiúrtha é an lógó ar an imeacht nó ar an táirge, gan aon ghá le focail a úsáid.

An aithníonn na daltaí gach lógó thíos, nó an bhfuil cinn eile ar eolas acu? Cad iad na táirgí nó na comhlachtaí lena mbaineann gach lógó acu?




Bain úsáid as Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear le brí lógó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 a scrúdú.

**Gníomhaíocht**


Iarr ar na daltaí Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear a úsáid le cuireadh chuig Cruinniú Domhanda na dTeaghlach i mí Lúnasa 2018 a chruthú don teaghlach. Bíodh roinnt eolais leis, a fuarthas ar shuíomh Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 nó sonraí maidir le himeachtaí oiriúnacha a mbeadh suim ag an teaghlach iontu.

Má tá breis eolais á lorg agat le húsáid leis an gcuireadh téigh chuig: www.WMOF2018.ie

# Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

## Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear

**Tá lógó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 déanta de chúig eilimintí éagsúla, gach aon cheann acu lena bhrí féin.**

| | |
|---|---|
|  | <br>Tá an teaghlach i lár an lógó. Baineann éagsúlachtaí le teaghlaigh, ach bíonn an grá is an aire le sonrú i gcónaí ina measc. |
| <br>Tá léarscáil an domhain taobh thiar den teaghlach. Beidh teaghlaigh ó gach cearn na cruinne ag ceiliúradh in Éirinn linn. | <br>Baineann an leathchiorcal leis an gcros le lógó dheoise Bhaile Átha Cliath. Léiríonn sé grá Dé don uile theaghlach ar domhan. |
| <br>Is í an chros siombail na hEaglaise Críostaí. Seasann sí don chros phápach i bPáirc an Fhionnuisce, áit ar chuir milliún Caitliceach fáilte roimh Naomh Eoin Pól II sa bhliain 1979. | <br>Seasann an gréasán tripháirteach Ceilteach don Tríonóid; don Athair don Mhac agus don Spiorad Naomh aontaithe lena chéile mar aon teaghlach amháin, Dia amháin agus trí Phearsa dhiaga. |

# Tráth 4: **Teaghlaigh na Lúcháire**

## Leathanach Gníomhaíochta na Sinsear

CUIREADH

BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

A Theaghlaigh Ionúin,

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Ó,

_____

